# An Bord Comhairleach um Cháilíochtaí don Earnáil um Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige

## Nós Imeachta Achomhairc

---

### 1. Ról cinnteoireachta an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí

1.1. An Bord Comhairleach um Cháilíochtaí d'Earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige ar bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige (na hAirí) é, cuirtear de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar thograí cláir chun breithniú an bhfuil nó nach bhfuil siad comhleanúnach leis na Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla do Chláir Chéime san Oideachas Tosaigh Gairme (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8).

1.2. Maidir le nósanna imeachta an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí, lena n-áirítear a théarmaí tagartha, a chomhaltas, a liosta athbhreithneoirí saineolaíocha, a theimpléid athbhreithniúcháin, a fhoirmeacha iarratais, a nós imeachta achomhairc agus na Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla, foilseofar iad ar an Idirlíon nó cuirfidh an Roinn Oideachais iad ar fáil don phobal ar shlí eile.

1.3. Ó am go chéile, agus i gcomhréir lena nósanna imeachta foilsithe, tabharfaidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí cuireadh do sholáthraithe cúrsa cláir bheartaithe a chur isteach lena n-athbhreithniú. Faoi réir aon fhorálacha nó aon choinníollacha a bhféadfaidh na hAirí iad a shocrú, beidh sé faoin mBord Comhairleach um Cháilíochtaí cinneadh a dhéanamh ar na nósanna imeachta, na hamscálaí agus na spriocdhátaí atá le cur i bhfeidhm nuair atá cuirí á n-eisiúint chuig soláthraithe cúrsa, nuair atá cinntí á ndéanamh, agus nuair atá cinntí á gcur in iúl do sholáthraithe cúrsa.

1.4. I gcás go gcinnfidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí nach bhfuil clár beartaithe ag comhlíonadh cheanglais na gCritéar agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla, tabharfaidh Rúnaí an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí fógra ina thaobh sin don soláthraí cúrsa i gcomhréir le spriocdháta arna shocrú ag an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí i gcomhréir le rannán 1.3 thuas. Leagfar na cúiseanna leis an gcinneadh sin amach san fhógra sin freisin. Anuas ar fhógra a thabhairt don soláthraí cúrsa, gníomhóidh na cúiseanna leis an gcinneadh mar threoir chun an togra a fhorbairt ar mhaithe le ceanglais na gCritéar agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla a chomhlíonadh.

1.5. Féadfaidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí spriocdháta a shocrú do sholáthraí

cúrsa i ndáil le clár a chur isteach an athuair. I gcás go roghnóidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí gan spriocdháta a shocrú, áfach, beidh sé faoin soláthraí cúrsa an clár beartaithe a mhodhnú, más mian leis déanamh amhlaidh, agus é a chur isteach ag am is cuí leis. Cé nach bhféadfaidh rúnaíocht an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí cabhrú le soláthraithe cúrsa aon tograí a fhorbairt nó a leasú, tabharfaidh an rúnaíocht a oiread cabhrach agus is féidir do sholáthraithe cúrsa trí fhaisnéis a sholáthar thar ceann an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí.

1.6. Meastar gurb amhlaidh sa chuid is mó de chásanna go ndéanfaidh an soláthraí cúrsa agus rúnaíocht an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí idirchaidreamh lena chéile agus go gcuirfidh an soláthraí cúrsa an clár uaidh isteach an athuair chun go ndéanfaidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí tuilleadh breithnithe air. Admhaítear freisin, áfach, gur ábhar díomá do sholáthraí cúrsa a bheidh i gcinneadh á shonrú nach bhfuil clár beartaithe ag comhlíonadh cheanglais na gCritéar agus Treoirlínte maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, agus gur féidir go mbeidh fonn ar sholáthraí cúrsa achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ar fhorais nós imeachta.

1.7. Dá réir sin, chuir an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí nós imeachta achomhairc chun feidhme, a bhfuil athbhreithniú seachtrach neamhspleách mar thaca leis, le haghaidh imthosca ina gcreideann an soláthraí cúrsa nár leanadh nósanna imeachta cinnidh an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí i gceart agus go cothrom.

## 2. Achomharc

2.1. I gcás go dtabharfar fógra do sholáthraí cúrsa de bhun rannán 1.4 thuas á shonrú nach bhfuil clár beartaithe ag comhlíonadh cheanglais na gCritéar agus Treoirlínte maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, féadfaidh an soláthraí cúrsa togra leasaithe a chur isteach nó achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón mBord Comhairleach um Cháilíochtaí ar fhorais nós imeachta, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach i rannán 2.2 thíos.

2.2. Ní fhéadfaidh an soláthraí cúrsa féachaint le hachomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón mBord Comhairleach um Cháilíochtaí ach amháin i gcás go mbeidh sé den tuairim nár lean an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí a nósanna imeachta foilsithe i gceart agus go cothrom. Ní mór an iarraidh ón soláthraí cúrsa ar achomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig Rúnaí an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí laistigh de 91 lá ó dháta an chinnidh ón mBord, agus ní mór ráiteas i scríbhinn a bheith san áireamh ann faoi na forais ar a bhfuil an soláthraí cúrsa den tuairim nár leanadh na nósanna imeachta i gceart agus go cothrom.

2.3. Laistigh de 42 lá ó dhéanamh na hiarrata ar achomharc, ceapfaidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí athbhreithneoir seachtrach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas, ó phainéal daoine arna cheapadh ag an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí chun críche athbhreithnithe seachtracha a dhéanamh

agus arna chur ar fáil don phobal ag an Roinn Oideachais. Ní fhéadfaidh comhaltaí an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí, athbhreithneoirí saineolaíocha arna gceapadh ag an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí, oifigigh na Roinne Oideachais ná oifigigh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a bheith ina mbaill den phainéal.

2.4. Is é ról an athbhreithneora sheachtraigh a athbhreithniú cé acu a lean nó nár lean an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí a nósanna imeachta foilsithe i gceart agus go cothrom agus moladh a dhéanamh. Ní dhéanfaidh an t-athbhreithneoir seachtrach athbhreithniú ach ar na gnéithe nós imeachta den iarratas.

2.5. Beidh rochtain ag an athbhreithneoir seachtrach ar théacs an chláir bheartaithe, lena n-áirítear na doiciméid tacaíochta uile arna gcur isteach chuig an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí lena mbreithniú. Ina theannta sin, beidh rochtain ag an athbhreithneoir ar an gcomhfhreagras ar fad idir an soláthraí cúrsa agus an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí i dtaca leis an togra ó dháta a chuir isteach go dtí an dáta ar ar tugadh fógra i dtaobh an chinnidh ón mBord Comhairleach um Cháilíochtaí, agus an dá dháta sin san áireamh.

2.6. Féadfaidh an t-athbhreithneoir seachtrach aighneachtaí i scríbhinn a lorg ón soláthraí cúrsa agus ón mBord Comhairleach um Cháilíochtaí, faoi réir an choinníll go ndéanfar aon ní arna chur isteach i scríbhinn ag an soláthraí cúrsa a chur ar fáil don Bhord Comhairleach um Cháilíochtaí, agus a mhalairt. Féadfaidh an t-athbhreithneoir seachtrach bualadh leis an soláthraí cúrsa nó leis an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí, ach ní fhéadfaidh sé/sí bualadh leo ag an am gcéanna.

2.7. Cuirfidh an t-athbhreithneoir seachtrach tuarascáil ar fáil don Bhord Comhairleach um Cháilíochtaí laistigh de 60 lá óna c(h)eapachán chun an t-athbhreithniú a dhéanamh faoi rannán 2.3 thuas. Féadfar ceann amháin de na moltaí seo a leanas a dhéanamh sa tuarascáil:

(a) Gur lean an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí a nósanna imeachta foilsithe i gceart agus go cothrom agus gur cheart dó cloí leis an gcinneadh uaidh á shonrú nach bhfuil an clár beartaithe ag comhlíonadh cheanglais na gCritéar agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla;

(b) Nár lean an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí a nósanna imeachta foilsithe i gceart agus go cothrom agus gur cheart dó an clár a athbhreithniú as an nua.

Leagfar na forais leis an moladh amach sa tuarascáil.

2.8. Déanfaidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí cinneadh ar cé acu a ghlacfaidh sé leis an moladh ón athbhreithneoir seachtrach nó a dhiúltóidh sé dó agus tabharfaidh Rúnaí an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí fógra don soláthraí cúrsa i dtaobh an chinnidh uaidh laistigh de 42 lá ó dhéanamh an mholta. Áireofar leis an bhfógra sin

cóip den mholadh ón athbhreithneoir seachtrach.

## 3. An ceart chun diúltú do chlár beartaithe a bhreithniú

3.1. Dá rogha féin, forchoimeádann an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí an ceart chun diúltú do bhreithniú a dhéanamh ar aon chlár arna chur isteach ag soláthraí cúrsa i gcás go mbeidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí den tuairim go bhfuil an clár comhionann, nó cosúil go leor, le clár ag an leibhéal céanna ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ón soláthraí cúrsa céanna atá faoi bhreithniú nó faoi athbhreithniú cheana féin ag an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí faoi na nósanna imeachta seo nó a ndearna an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí athbhreithniú air sa 12 mhí roimhe.

3.2. I gcás go gcinnfidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí gan clár arna chur isteach ag soláthraí cúrsa a bhreithniú, tabharfaidh Rúnaí an Bhoird Chomhairligh um Cháilíochtaí fógra don soláthraí cúrsa ina thaobh sin. Leagfar na cúiseanna leis an gcinneadh sin amach san fhógra sin freisin.

3.3. I gcás go dtabharfar fógra do sholáthraí cúrsa de bhun rannán 3.2 thuas á shonrú gur dhiúltaigh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí do chlár a bhreithniú, féadfaidh an soláthraí cúrsa achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón mBord Comhairleach um Cháilíochtaí, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach i rannán 2.2 thuas. Déanfaidh an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí aon achomharc den sórt sin a phróiseáil i gcomhréir le rannán 2 de na nósanna imeachta seo.